# 1. Fógra Eolais d’Othair maidir le hAistriú Trasteorann Sonraí Pearsanta Sláinte

## AN CHIPIR

*Cuirtear an t-eolas seo a leanas ar fáil chun ceanglas Rialachán Ginearálta an Aontais maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh i ndáil le saoránaigh a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta.*

**1. Cad é an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r- Shláinte?**

Is éard atá sa Bhonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte (eHDSI) córas a chuireann bealach sábháilte agus éasca ar fáil do shaoránaigh na hEorpa chun a sonraí leighis a aistriú trasna teorann go leictreonach má tá gá acu le cóireáil thar lear. Cuirtear na sonraí leictreonacha ar fáil do ghairmithe sláinte i dtíortha ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) ina bhfuil cóireáil á cur ar an saoránach. Déantar na sonraí pearsanta a aistriú agus a stóráil i gcomhréir le dlí na tíre ina ndéantar an chóireáil.

**2. Na catagóirí de do shonraí sláinte pearsanta lena mbaineann**

Is éard atá sa Ríomhachoimre ar an Othar ná tacar sonraí leighis bunúsach a aistrítear chun cóireáil a fháil i dtír eile. Tá sonraí othar tábhachtacha ann – ailléirgí, na cógais atá á dtógáil ag an othar faoi láthair, na tinnis a bhí air cheana nó na hobráidí a bhí aige mar shampla – sonraí is gá chun an t-othar a chóireáil i gceart thar lear.
Tá do chuid eolais ar fáil le cur le do Ríomhachoimre ar an Othar sa mhéid go bhfuil na sonraí pearsanta taifeadta cheana féin i bhfoirm leictreonach sa Chipir trí Ospidéil na Niocóise agus Famagusta Ginearálta.

**3. Cén bunús dlí atá le húsáid do shonraí pearsanta?**

Ní bheidh na seirbhísí eHDSI ar fáil duit ach amháin má thoilíonn tú go sainráite. Cé go bhféadfadh údar a bheith ann le do shonraí a úsáid le haghaidh do chóireála gan toiliú i gcás éigeandála, mura dtugann tú toiliú sainráite roimh thaisteal, ní bheidh do shonraí le fáil tríd an gcóras eHDSI nuair a bheidh tú i dtír eile, fiú i gcás éigeandála. Nuair atá tú thar lear agus ag dul faoi chúram, déanfar do shonraí Ríomhachoimre ar an Othar a thaifeadadh sa tír ina ndéantar an chóireáil i gcomhréir le Rialachán Ginearálta an Aontais maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), le dlíthe na tíre sin agus le cleachtais na hinstitiúide cúraim sláinte i gceist.

**4. Cad é cuspóir na próiseála?**

Ní bhainfear úsáid as do shonraí leighis ach amháin le haghaidh do chóireála pearsanta.
I roinnt tíortha, áfach, d’fhéadfaí do shonraí pearsanta a úsáid, faoi choinníollacha áirithe, chun críoch eile a fhorordaítear de réir dlí, mar shampla monatóireacht agus taighde chun cáilíocht na sláinte poiblí a fheabhsú. Chun na gcríoch tánaisteach sin, tá gealltanas tugtha ag na tíortha rannpháirteacha coimircí teicniúla agus eagraíochtúla

iomchuí a chur ar bun, mar shampla sonraí pearsanta a anaithnidiú i gcás inar gá. Sa Chipir, ní úsáidfear na sonraí a bhaileofar lena gcur le do Ríomhachoimre ar an Othar chun críoch tánaisteach, ach amháin chun críoch staitistiúil tar éis iad a bheith anaithnidithe go hiomlán. Tá eolas faoi na cuspóirí a bhaineann le próiseáil bhreise den sórt sin de réir dhlíthe na dtíortha éagsúla le fáil ar shuíomh gréasáin eHDSI.

**5. Cé a phróiseálann na sonraí sin agus cé aige a bhfuil rochtain orthu?**

Ní bheidh rochtain ar do shonraí Ríomhachoimre ar an Othar ach amháin ag gairmithe sláinte údaraithe agus inaitheanta a bhfuil baint acu le do chóireáil, faoi rúndacht ghairmiúil, sa tír ina ndéantar an chóireáil. Gach tír ina ndéantar cóireáil agus a ghlacann páirt sa chóras eHDSI, cuireann sí roimpi a chinntiú go bhfuil eolas agus oiliúint leordhóthanach ar a ndualgais ag na gairmithe sláinte agus na soláthraithe cúraim sláinte atá rannpháirteach ina gcríoch. Féach ar shuíomh gréasáin eHDSI chun sonraí na dtíortha rannpháirteacha a fháil. Aistreofar na sonraí Ríomhachoimre ar an Othar trí thairseach shlán a sholáthróidh an Pointe Teagmhála Náisiúnta r-Shláinte a ainmníonn gach tír.

**6. Cá háit agus cá fhad a stóráiltear na sonraí pearsanta?**

Féadfar na sonraí Ríomhachoimre ar an Othar a stóráil i gcórais faisnéise na n-institiúidí sláinte sa Chipir agus sa tír ina ndéantar an chóireáil araon. Ní stórálfar na sonraí ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a dhéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil. I gcás daoine a bhfuil sainchónaí orthu sa Chipir, is ionann faoi láthair tréimhse stórála na dtaifead leighis sa Chipir agus saolré an othair agus deich mbliana ina dhiaidh sin, agus i gcás othair eile, cuir i gcás daoine a thagann ar cuairt ó thíortha eile, is é deich mbliana an tréimhse stórála. D'fhéadfadh tréimhsí stórála éagsúla a bheith ann i dtíortha rannpháirteacha eile. Tá eolas faoi na tréimhsí stórála le fáil ar shuíomh gréasáin eHDSI.
Ní fhéadfar tréimhsí stórála níos faide a úsáid ach amháin chun cartlannú a dhéanamh agus chun taighde eolaíoch nó stairiúil a dhéanamh i gcás ina bhfuil coimircí príobháideachais ar leith i bhfeidhm (anaithnidiú mar shampla).

**7. Do chearta rochtana**

Má thoilíonn tú do go ndéanfaidh an córas eHDSI próiseáil ar do shonraí Ríomhachoimre ar an Othar, is féidir leat rochtain a fháil ar na sonraí ach iarratas a dhéanamh chuig Aonad Bainistíochta Faisnéise na hAireachta Sláinte (ncpeH@moh.gov.cy) nó chuig an Údarás Náisiúnta r-Shláinte.
Tá an ceart agat an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) aon sonraí míchruinne i do shonraí Ríomhachoimre ar an Othar a cheartú, de réir Airteagal 16 de RGCS.

b) a éileamh go scriosfaí aon sonraí míchruinne i do shonraí Ríomhachoimre ar an Othar, de réir Airteagal 17 de RGCS.

c) cur i gcoinne phróiseáil do shonraí Ríomhachoimre ar an Othar ar chúis a bhaineann le do chás féin, de réir Airteagal 21 de RGCS.

Tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith.

Mura dtoilíonn tú go ndéanfaidh an córas eHDSI do shonraí pearsanta a phróiseáil, ní bheidh do shonraí le fáil duit tríd an gcóras seo nuair atá tú i dtír eile, fiú i gcás éigeandála.

Ar deireadh, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta sa Chipir nó sa tír ina ndéantar an chóireáil, de réir an cháis fhíorasaigh.

<u>**Sonraí teagmhála**</u>
**Rialaitheoir sonraí**
**Andreas Christodoulou**
**DPO National eHealth Authority**
**1 Prodromou & Chilonos Street 17**
**1448 Nicosia, an Chipir**
**Lárionad glaonna: +357 22 605300/301**

<u>**Sonraí teagmhála**</u>
**Próiseálaí sonraí**
**Irene Georgiou**
**DPO Ministry of Health**
**1 Prodromou & Chilonos Street 17**
**1448 Nicosia, an Chipir**
**Lárionad glaonna: +357 22 605300/301**
**Ríomhphoist: ncpeH@moh.gov.cy**
**URL:**
**https://www.moh.gov.cy/moh/cbh/cbh.nsf/index_gr/index_gr?OpenDocument**

<u>**Sonraí teagmhála**</u>
**Supervisory authority in Cyprus**
**1, Iasonos str.**
**1082 Nicosia**
**P.O.Box 23378, 1682 Nicosia**
**Teileafón: +357 22818456**
**Facs: +357 22304565**
**Ríomhphoist: commissioner@dataprotection.gov.cy**

## 2. Toiliú an Othair (GA)

**Cuirtear eolas ar fáil sa doiciméad seo maidir le cuspóir an chúraim sláinte trasteorann chomh maith le ráiteas toilithe chun sonraí leighis agus pearsanta aonair a stóráil, a úsáid agus a mhalartú i bPointe Teagmhála Náisiúnta na Cipire [NCP]). Tá an dá sheirbhís i mBéarla.**

**Réamhrá:** Tá Údarás Náisiúnta r-Shláinte agus Aireacht Sláinte Phoblacht na Cipire ina gcomhaltaí den Líonra Eorpach r-Shláinte [eHN]. Is Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh í an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann. Chun í a chur chun feidhme, tá cinneadh déanta ag roinnt de na Ballstáit ardán comhpháirteach ar líne a chruthú eatarthu, agus é d'aidhm acu eolas coiteann atá comhaontaithe ag daoine aonair a mhalartú, sna foirmeacha seo a leanas:

- **Ríomhachoimre ar an Othar [PS]**
- **Ríomhoideas [eP]**

**Nós Imeachta:** déanfaidh an Líonra Eorpach r-Shláinte an t-ardán comhpháirteach a fhorbairt. D'fhorbair gach ballstát a 'Phointe Teagmhála Náisiúnta Leictreonach (r-NCP)' féin. Tá sé sin idirnasctha leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta comhfhreagracha i dtíortha Eorpacha eile. Tríothu sin, seolfar stair ghairid sláinte agus ríomhoideas agus glacfar leo i leith daoine a bhfuil cúram sláinte práinneach de dhíth orthu i dtír eile san Aontas, agus ina leith siúd amháin. Ní dhéanfar an t-idirnascadh ach amháin le toiliú an duine aonair.

**Sochair:** Cuirfear cúram sláinte trasteorann ar ardchaighdeán ar fáil don rannpháirtí mar a leanas:

- Rochtain shlán ar do shonraí a chur ar fáil nuair atá gá le cúram sláinte trasteorann (seachas an Chipir),
- Minicíocht na n-earráidí leighis a laghdú trí rochtain thapa shlán a thabhairt ar eolas faoi shláinte othar in aon áit,
- Eolas tábhachtach a chur ar fáil d'fhoireann leighis i gcásanna éigeandála, ionas nach mbeidh gá le tástálacha diagnóiseacha a athdhéanamh, rud a shábhálfaidh am luachmhar,
- Sainaithint shlán na ndaoine aonair agus na soláthraithe cúraim sláinte araon.

**Cosaint Sonraí Pearsanta:** Déanann an tÚdarás Náisiúnta r-Shláinte, an Aireacht Sláinte, agus Ollscoil na Cipire comhordú agus bainistiú ar Phointe Teagmhála Náisiúnta na Cipire. Tá 'Pointe Teagmhála Náisiúnta na Cipire' lonnaithe laistigh den Chipir agus is i bhfoirm chriptithe atá na sonraí a stóráiltear ann. Níl rochtain ach ag pearsanra údaraithe ar na sonraí. Déantar sonraí a mhalartú laistigh de Phointí Teagmhála Náisiúnta thíortha an Aontais trí líonra slán (TESTA).

**Rúndacht:** Ní bheidh na sonraí ar fáil do thríú páirtithe (cuideachtaí árachais mar shampla). Tá próiseáil staitistiúil sonraí na rannpháirtithe anaithnid agus ní féidir an duine aonair a shainaithint.

**Rannpháirtíocht:** Tá sí deonach agus is féidir í a tharraingt siar tráth ar bith, gan gá an chúis a mhíniú. **Neamh-rannpháirtíocht:** Chun críche cúram sláinte trasteorann, ní

bheidh tú in ann stair leictreonach sláinte ná oideas a bheith agat i bhfoirm leictreonach. **An ceart maidir le toiliú a tharraingt siar:** Inis do do dhochtúir nó, de rogha air sin, do Phointe Teagmhála Náisiúnta maidir le Cúram Sláinte Trasteorann (féach thíos). Dá bharr sin, ní dhéanfar do shonraí a stóráil a thuilleadh agus scriosfar ón mbunachar sonraí iad arna iarraidh sin.

**Eolas:** An Pointe Teagmhála Náisiúnta r-Shláinte sa Chipir (thíos).

**Gearáin:** Tá sé de cheart agat iad a chur faoi bhráid na heagraíochta seo a leanas:

**National eHealth Authority**
**1 Prodromou & Chilonos Street 17**
**1448 Nicosia, an Chipir**
**Lárionad glaonna: +357 22 605 300 301**

**nó**

**Ministry of Health**
**1 Prodromou & Chilonos Street 17**
**1448 Nicosia, an Chipir**
**Lárionad glaonna: +357 22 605 300 301**
**Ríomhphoist: ncpeH@moh.gov.cy**
**URL: https://www.moh.gov.cy/**

**Go raibh maith agat!**

# 3. Toiliú an Othair (GA)

Tá an méid thuas léite agam agus tuigim é, maidir le bunachar sonraí Phointe Teagmhála Náisiúnta na Cipire agus maidir leis an nós imeachta a leanadh, na tairbhí, cosaint mo shonraí pearsanta, rúndacht, an ceart chun páirt a ghlacadh nó gan bheith rannpháirteach nó mo thoiliú a tharraingt siar.

Dá bhrí sin, aontaím gur cheart mo shonraí leighis agus pearsanta a bheith le fáil le haghaidh cúram sláinte trasteorann ag 'Pointe Teagmhála Náisiúnta na Cipire' go dtí go ndéanfaidh mé ráiteas lena dtarraingeofar siar mo thoiliú. Toilím freisin le próiseáil agus stóráil mo shonraí go dtí go gcinnfidh mé a mhalairt.

Duine fásta atá ag iarraidh cúram sláinte trasteorann:

(má chlóscríobhann tú do shloinne agus d'ainm, measfar gurb é sin do thoiliú)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sloinne | ............................... | Ainm | ................................................... |
| Síniú | | Dáta | ................................................... |

I gcás duine mionaoiseach tá gá le toiliú ó cheachtar den bheirt tuismitheoirí nó ón gcaomhnóir dlíthiúil

(má chlóscríobhann tú do shloinne agus d'ainm, measfar gurb é sin do thoiliú)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sloinne an Tuismitheora (Athair) | ............................................................................ | Ainm an Tuismitheora (Athair) | ........................................................ |
| Síniú | | Dáta | ........................................................ |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sloinne an Tuismitheora (Máthair) | ............................................................................ | Ainm an Tuismitheora (Máthair) | ........................................................ |
| Síniú | | Dáta | ........................................................ |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sloinne an Tuismitheora (Caomhnóir) | ............................................................................ | Ainm an Tuismitheora (Caomhnóir) | ........................................................ |
| Síniú | | Dáta | ........................................................ |